COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

An Bhruiséil, 7 Samhain 2011 (19.12)
(OR en)

16349/11

SPORT 36
SOC 943
JEUN 72
CULT 95

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15462/11 SPORT 30 SOC 871 JEUN 63 CULT 77 |
| Ábhar: | Dréacht-chonclúidí ón gComhairle maidir le ról na ngíomhaíochtaí deonacha sa spórt lena gcuirtear saoránacht ghníomhach chun cinn - *Conclúidí ón gComhairle a ghlacadh* |

Ag an gcruinniú a bhí aige an 31 Deireadh Fómhair, tháinig an Mheitheal um an Spórt ar chomhaontú maidir le dréacht-Chonchlúidí ón gComhairle mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe dá réir sin an téacs a chur ar aghaidh chuig an gComhairle chun go nglacfar é agus chun go bhfoilseofar ina dhiaidh sin san Iris Oifigiúil é.

**Conclúidí ón gComhairle**
**maidir le ról na ngníomhaíochtaí deonacha sa spórt lena gcuirtear saoránacht ghníomhach chun cinn**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh na nithe seo a leanas:

## 1. AG MEABHRÚ NA NITHE SEO A LEANAS DI

– An Dearbhú Comhpháirteach ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 5 Bealtaine 2003, maidir le "luach sóisialta an spóirt do dhaoine óga"[1]

– Cinneadh ón gComhairle an 27 Samhain 2009 i ndáil leis an mBliain Eorpach um Ghníomhaíochtaí Deonacha Lena gCuirtear Saoránacht Ghníomhach Chun Cinn[2], a leagann béim ar na cuspóirí seo a leanas:

  – Dul i dtreo timpeallacht saorálaíochta san AE a chumasú agus a éascú;

  – Eagraíochtaí saorálacha a chumhachtú agus cáilíocht na saorálaíochta a fheabhsú;

  – Sármhaitheas i ngníomhaíochtaí saorálaíochta a chúiteamh agus a aithint;

  – Feasacht maidir le luach agus tábhacht na saorálaíochta a mhúscailt.

– Na Conclúidí ón gComhairle an 18 Samhain 2010 maidir leis an ról atá ag an spórt mar fhoinse agus mar thiomántán don chuimsiú sóisialta gníomhach[3].

---
1 IO C 134/5, 7.6.2003
2 IO L 17, 22.1.2010
3 IO C 326, 3.12.2010.

– An Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal "Gné Eorpach a Fhorbairt i gCúrsaí Spóir"[4], agus an staideár a rinneadh i 2010 dar teideal "Saorálaíocht san Aontas Eorpach", lena gcuirtear fianaise ar fáil i ndáil le hardleibhéal éagsúlachta sa tsaorálaíocht i gcúrsaí spóirt ar fud an AE agus lena ndírítear ar shocruithe dlíthiúla agus ar foinsí maoiniúcháin don earnáil seo, agus aird á tarraingt freisin ar an ngá do thraenáil a chur ar fáil do shaorálaithe.

– An Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Beartais an AE agus Saorálaíocht: " Gníomhaíochtaí deonacha trasteorann san AE a aithint agus a chothú"[5].

– Rún an 20 Bealtaine 2011 ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt 2011-2014[6].

– Dréachtchonclúidí ón gComhairle an 3 Deireadh Fómhair maidir le gníomhaíochtaí deonacha sa bheartas sóisialta.[7]

– Comhdháil Saineolaithe "*Ón tSaorálaíocht go dtí an Cheannaireacht sa Spórt*" a tionóladh an 13 agus an 14 Meán Fómhair 2011 i Vársá sa Pholainn, ar tugadh aird go háirithe ar na saincheisteanna seo a leanas lena linn:

  - Leagáid, oidhreacht, agus taithí na mhórócáidí spóirt agus, dá réir sin, an bealach ar féidir iad a dhúshaothrú i ngníomhaíochtaí deonacha i gcúrsaí spóirt ó lá go lá;

  - Na deiseanna chun leas a bhaint as grúpaí saorálaithe atá ann cheana féin sa phróiseas earcaíochta i gcomhair ócáidí spóirt sa todhchaí;

---

4 COIM(2011) 12 leagan deireanach
5 COIM(2011) 568 leagan deireanach
6 IO C 162 an 1.6.2011.
7 14061/1/11 REV 1

- An gá atá le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí deonacha sa spórt a aithint agus a bhailíochtú;

- An gá atá le foghlaim fhrithpháirteach a spreagadh agus dea-chleachtais a mhalartú.

**2. AITHNÍONN SÍ NA NITHE SEO A LEANAS:**

1. Ag féachaint go cuí do shonraíochtaí na staide i ngach Ballstát agus do gach cineál saorálaíochta, tagraíonn "gníomhaíochtaí deonacha" do gach cineál gníomhaíochtaí deonacha, bídís foirmiúil, mífhoirmiúil nó neamhfoirmiúil, a dhéantar de shaorthoil, de rogha agus d'inspreagadh an duine féin, agus gan aon tsúil le brabús airgeadais aige. Is chun leasa an tsaorálaí iad agus chun leasa na bpobal agus leasa na sochaí trí chéile. Is gléas iad freisin do dhaoine aonaracha agus do chomhlachais aghaidh a thabhairt ar ábhair imní agus ar riachtanais atá daonna, sóisialta, bainteach le cúrsaí idirghlúine agus comhshaoil, agus déantar iad go minic chun tacú le heagraíocht neamhbhrabúsach nó chun tacú le tionscnamh pobalbhunaithe[8].

2. Ní mór idirdhealú soiléir a dhéanamh idir gníomhaíochtaí deonacha agus an fhostaíocht íoctha agus níor cheart go gcuirfí iad in ionad na fostaíochta[9]. Níor cheart neamhionannas na n-inscní san obair íoctha ná neamhíoctha a bhuanú de bharr na ngníomhaíochtaí deonacha agus níor cheart go spreagfaí leo laghdú ar am oibre na bhfostaithe ná scor ó mhargadh an tsaothair.

3. Níor cheart do ghníomhaíochtaí deonacha teacht in ionad fhreagracht iomlán an stáit as cearta eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha a áirithiú agus a sholáthar.

4. Caithfidh gníomhaíochtaí deonacha bheith faoi réir na reachtaíochta agus caithfear meas iomlán a bheith ar na bunchearta agus ar na bunsaoirsí uilíocha, chun an smacht reachta agus meas iomlán ar cheart an duine aonair chun sláine a áirithiú.

---

[8] Cinneadh ón gComhairle an 27 Samhain 2009 i ndáil leis an mBliain Eorpach um Ghníomhaíochtaí Deonacha Lena gCuirtear Saoránacht Ghníomhach Chun Cinn, lch. 1

[9] Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, an 16 Bealtaine 2007 maidir leis na comhchuspóirí i dtaobh gníomhaíochtaí deonacha daoine óga a chur chun feidhme, IO C 241, 20.9.2008, lch. 1.

## 3. AG FÉACHAINT DON MÉID SEO A LEANAS:

1. Tá an spórt ar an ngluaiseacht is mó sa tsochaí shibhialta san AE. Tá gníomhaíochtaí agus struchtuír neamhbhrabúsacha atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí deonacha mar choinníoll bunúsach chun an spórt a shaothrú i dtromlach na mBallstát.

2. Tá gníomhaíochtaí deonacha sa spórt ar cheann de na gníomhaíochtaí sóisialta is tarraingtí agus is mó éileamh agus tá siad mar chuid d'oidhreacht shóisialta an spóirt. Braitheann eagrúchán na n-ócáidí spóirt ar shaorálaithe agus ar ghníomhaíochtaí deonacha - lena n-áirítear ócáidí a eagraíonn comhlachtaí gairimiúla agus tráchtála spóirt - chomh maith le gníomhaíochtaí spóirt a eagraítear ó lá go lá i gcuid mhaith de na Ballstáit

3. Cuireann gníomhaíochtaí deonacha leis an tsaoránacht ghníomhach agus le saoránaigh a bhfuil cúlraí éagsúla acu a lánpháirtiú tríd an tuiscint agus an meas a chur chun cinn i dteanga uilechoiteann an spóirt agus cuireann siad freisin le bunluachanna agus le prionsabail an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme, mar atá: an dlúthpháirtíocht, an fhorbairt inbhuanaithe, dínit an duine, an comhionannas agus an choimhdeacht, lena ndéantar féiniúlacht Eorpach a chur chun cinn.

4. Cuirtear scileanna nua ar fáil do shaoránaigh nuair a théann siad i mbun gníomhaíochtaí deonacha agus, i measc rudaí eile, cuirtear lena n-infhostaitheacht agus lena dtuiscint ar bhaint a bheith acu leis an tsochaí, agus féadfar amhlaidh athruithe sóisialta a ghríosadh.

5. Féadfaidh gníomhaíochtaí deonacha cur le fás agus neartú caipitil shóisialta trí ghréasán shóisialta a fhorbairt atá bunaithe ar mhuinín agus ar chomhar.

6. Leis na gníomhaíochtaí deonacha sa spórt, cothaítear meon dearfach sóisialta atá bunaithe ar luachanna a fhorbraítear tríd an spórt, amhail:

   - cothrom na Féinne,
   - obair bhuíne,
   - dianseasmhacht,

- freagracht,
- ceannaireacht,
- caoinfhulaingt,
- meas ar dhaoine eile, agus
- an cumas chun bacainní a shárú.

7. Tá luach eacnamaíoch inmheasta, suntasach ag gníomhaíochtaí deonacha sa spórt sna geilleagair náisiúnta agus é de chumas acu rátaí fáis agus fostaíochta a spreagadh ar fud an Aontais Eorpaigh.

8. Agus gníomhaíochtaí deonacha sa spórt á gcur chun cinn, cabhraítear le cur i gcrích chuspóirí Bhliain Eorpach 2011 na nGníomhaíochtaí Deonacha 2011, aidhmeanna Bhliain Eorpach 2010 chun an Bhochtaineacht agus an tEisiamh Sóisialta a chomhrac, agus chuspóirí Bhliain Eorpach 2012 don Aosú Gníomhach.

9. Leis na gníomhaíochtaí deonacha sa spórt, féadtar an ghníomhaiocht fhisiciúil a fhorbairt agus a chur chun cinn ar gach uile leibhéal, rud a chuirfidh feabhas ar folláine na saoránach agus lena ndéanfar na galair stíle maireachtála a laghdú.

10. Leis na gníomhaíochtaí deonacha sa spórt, cuirtear le soghluaisteacht na saoránach ar bhealach suntasasch trí inniúlachtaí a fhorbairt agus agus taithí a dhoimhniú le gníomhaíochtaí a bhaineann le spórt i mBallstáit eile, agus freisin an fhéiniúlacht Eorpach a fhorbairt agus luachanna an AE a chur chun cinn lastall dá theorainneacha.

11. Leis na gníomhaíochtaí deonacha sa spórt, cabhraítear le cur i gcrích chuspóirí foriomlána an Straitéis Eoraip 2020, ós rud é go méadaítear an tsoghluaiseacht agus go ndéantar gníomhaíochtaí lena gcuirtear feabhas ar an infhostaitheacht agus ar an tsláinte phoiblí, agus lena ndéantar an cuimsiú sóisialta, an t-oideachas agus an t-aosú gníomhach a chur chun cinn.

4. **SA CHOMHTHÉACS SIN, IARRANN SÍ AR BHALLSTÁIT AN AE AGUS AR GHEALLSEALBHÓIRÍ SPÓIRT, AG GNÍOMHÚ DÓIBH DE RÉIR A nINNIÚLACHTAÍ AGUS AG FÉACHAINT DO NEAMHSPEÁCHAS NA nEAGRAÍOCHTAÍ SPÓIRT, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

1. Dálaí fabhracha a chur chun cinn chun gníomhaíochtaí deonacha a fhorbairt ar bhonn na nithe seo a leanas go háirithe:

   - malartú na ndea-chleachtas idir Bhallstáit agus idir eagraíochtaí spóirt,

   - neamhspleáchas na n-eagraíochtaí spóirt a urramú, ach go n-áiritheofaí tacaíocht do na heagraíochtaí sin ar leibhéal na mBallstát,

   - an gá atá ann lena áirithiú go gcuirfí an oiliúint is gá ar fáil do shaorálaithe sa spórt agus go bhféadfaidh siad tairbhe a bhaint as buntáistí na saorálaíochta ar bhealach sábháilte.

2. Rannchuidiú le híomhá dhearfach na saorálaithe agus na ngníomhaíochtaí deonacha sa spórt.

3. Aird a thabhairt ar ghníomhaíochtaí deonacha sa spórt mar uirlis thábhachtach chun feabhas a chur ar inniúlachtaí agus ar scileanna. Chuige sin, tá gá le:

   - bearta cuí a dhéanamh chun na hinniúlachtaí agus na scileanna a aithint a fuarthas trí thaithí fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil fhoghlama maidir le gníomhaíochtaí deonacha sa spórt agus go ndéanfaí deiseanna a mheas maidir le haitheantas níos mó a thabhairt agus bailíochtú níos mó faoi chuimsiú na gcóras cáiliúcháin náisiúnta, ag féachaint don Chreat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF),

   - dul i gcomhairle leis an ngluaiseacht spóirt agus le heagraíochtaí saorálacha ar mhaith le gníomhaíocht a ullmhú.

4. Comhoibriú a spreagadh idir údaráis rialtasacha agus eagraíochtaí spóirt ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach d'fhonn líonraí a bhunú chun fadhbanna coitianta a mbíonn ar ghníomhaíochtaí deonacha aghaidh a thabhairt orthu a réiteach.

5. Gníomhaíochtaí deonacha sa spórt a chothú mar fhoirm foghlama a bheadh neamhfhoirmeálta agus neamhfhoirmiúil d'fhonn scileanna agus inniúlachtaí nua a fháil lena mbunaítear, mar aon le hoideachas foirmiúil, dé-ghairme do lúthchleasaithe.

6. Gníomhaíochtaí deonacha sa spórt a chothú trí, mar shampla, feachtas bolscaireachta a thosú d'fhonn feasacht a mhéadú agus meon dearfach i leith saorálaithe a chur chun cinn agus a chothú.

7. Leas a bhaint as talann na saorálaithe a bhíonn páirteach in imeachtaí spóirt a eagrú do ghníomhaíochtaí fadtéarmacha ar gach uile leibhéal spóirt.

8. Féachaint chuige an bhféadfaí luach breise a fháil trí chóras luaíochta a bhunú lena n-aithneofaí na tionscadail dheonacha is nuálaí i réimse an spóirt.

**5. SA CHOMHTHÉACS SEO SPREAGANN SÍ BALLSTÁIT AN AE AGUS AN COIMISIÚN EORPACH, AG GNÍOMHÚ DÓIBH DE RÉIR A gCUID INNIÚLACHTAÍ AGUS i gCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA AGUS A STRUCHTÚR INSTITIÚIDEACH Á CHUR SAN ÁIREAMH ACU, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

1. A ndícheall a dhéanamh chun go ndíchuirfí constaicí ar ghníomhaíochtaí deonacha sa spórt, lena n-áirítear ualaigh riaracháin nach bhfuil gá leo.

2. Staideár a dhéanamh ar fhorbairt an spóirt atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí deonacha laistigh den Aontas Eorpach, lena n-áirítear taighde ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta na ngníomhaíochtaí deonacha.

3. Faisnéis, taithí agus dea-chleachtais a mhalartú i réimse na ngníomhaíochtaí deonacha spóirt.

4. Forbairt gníomhaíochtaí deonacha sa spórt a chothú sna beartais agus straitéisí náisiúnta agus sna beartais agus straitéisí Eorpacha sin a bhaineann le cúrsaí spóirt agus sóisialta, leis an oideachas agus leis an bhfostaíocht.

5. Féachaint an bhféadfadh gníomhaíochtaí deonacha a bheith ina gcabhair do thionscadail a fhaigheann fóirdheontas ó chistí an AE, agus meicníochtaí a fhorbairt chun na gníomhaíochtaí deonacha a mheasúnú go cuí ina leith seo.

6. Gnéithe de ghníomhaíochtaí deonacha sa spórt a chuimsiú, nuair is iomchuí, le gníomhaíochtaí na ngrúpaí saineolaithe a bunaíodh i gcomhréir le Plean Oibre an AE don Spórt.

7. Gníomhaíochtaí deonacha sa spórt a fhorbairt trí chomhoibriú idirearnálach idir na heintitis sna hearnála príobháideacha agus poiblí agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, i réimse an spóirt, na sláinte, an oideachais, na hóige agus an bheartais shóisialta, ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach.

**6.** IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH:

1. Aire ar leith a thabhairt do gníomhaíochtaí deonacha agus do chumas na n-eagraíochtaí deonacha spóirt neamhbhrabúsacha rochtain a fháil ar an gcéad ghlúin eile de chláir AE, gan dochar don chaibidlíocht maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil.

2. Fachtóirí an ratha agus dea-chleachtais a aithint agus freisin na réimsí ina dteastaíonn comhoibriú níos fearr ar leibhéal an AE, lena n-áirítear na constaicí atá ann faoi láthair d'fhorbairt gníomhaíochtaí deonacha sa spóirt.

3. Agus reachtaíocht nua an AE á moladh , an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar ghníomhaíochtaí deonacha sa spórt a mheas.